# FORBAIRT BÓTHAIR N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA

## NUACHTLITIR - UIMH. 12

Iúil 2023

## FÁILTE ROIMH AN 12Ú EAGRÁN DEN NUACHTLITIR

**Ar an 19 Aibreán 2023 a foilsíodh Nuachtlitir uimhir 11, an nuachtlitir roimhe seo uainn agus ó shin i leith tá dul chun cinn suntasach déanta leis na hoibreacha. Seo a leanas cuid de na príomhnithe atá curtha chun cinn:**

- Athosclaíodh Bóthar Áitiúil Dhoire na Sagart L-9908 do thrácht ghinearálta ar an Aoine 26 Bealtaine tar éis dó bheith dúnta ón 07 Feabhra. Ba chloch mhíle bheag ach suntasach í seo don tionscadal, a thugann rochtain do dhaoine a úsáideann an Bóthar Áitiúil seo ar thimpeallán nua ar an iar-N22, atá i bhfad níos sábháilte ná mar a bhí roimhe seo nuair ná raibh ach an t-aon bhealach rochtana amháin ar fáil trí rochtain dhíreach ar limistéar ard-luais den iar-N22.
- Baineadh cloch mhíle shuntasach eile amach sa tionscadal nuair a tugadh chun críche an bhaint carraige ón ngearradh domhain ag An Sliabh Riabhach. Tá an gearradh féin 28m ag an bpointe is doimhne, agus deineadh an chuid is mó de na hábhair tochailte a phróiseáil agus a athúsáid ar an tionscadal.
- De thoradh phróifíl dhúshlánach na carraige sa ghearradh domhain ag an Sliabh Riabhach ba ghá ancairí carraige agus tairní ithreach a úsáid chun a chinntiú go bhféadfaí an chobhsaíocht fána riachtanach a bhaint amach. Tá na próisis seo críochnaithe anois agus an droichead ardleibhéil, a thugann rochtain ar thalamh feirme áitiúil, beagnach críochnaithe chomh maith.
- Tá an cainéal draenála coincréite a ritheann feadh na taobhanna den ailíniú príomhlíne críochnaithe anois. Éascaíonn sé seo, dá réir, leagadh na sraitheanna tógála bóthair.
- Tá dul chun cinn maith déanta ar oibreacha pábhála bóthair chomh fada leis an droichead ardleibhéil ag Na Ceapacha Thiar , thar an mBóthar Áitiúil L-7418. Chuir tréimhse na haimsire breátha i mí na Bealtaine agus an Mheithimh ar chumas an chonraitheora dul chun cinn maith a dhéanamh leis an ngné seo den obair.
- Tá suiteáil an VRS (Córas Srianta Feithicle) ar dhá thaobh an bhóthair nua chomh fada le Tonn Láin curtha i gcrích ag an gconraitheoir speisialaithe Motorway Care. Tá tús curtha le suiteáil na gcuaillí don bhacainn airmheánaigh lárnach agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh air.
- Le déanaí a tógadh an bóthar rochtana ag Carraig an Phúca a thugann rochtain ar thailte ó dheas de bhóthar nua an N22 siar ón gcaisleán.
- Fálú buan an bhóthair nua agus suiteáil geataí páirce idir Charraig an Phúca agus An Tonn Láin beagnach críochnaithe.



Bóthar Áitiúil Dhoire na Sagart



Gearradh Domhain ar an Sliabh Riabhach



Cainéil Draenála ar an Sliabh Riabhach

An Roinn Iompair Department of Transport | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | TII Bonneagar Iompair Éireann Transport Infrastructure Ireland | Comhairle Contae Chorcaí Cork County Council | Mott MacDonald | Pons | JCL | Barry Transportation



I mBaile Mhic Íre, ag féachaint soir



I gCúil an Bhuacaigh, ag féachaint siar



Cúrsa Caithimh á leagadh síos i gCúil an Bhuacaigh

## Ag tnúth leis an méid is féidir a bhaint amach i mí Iúil agus Lúnasa.

- Tá an conraitheoir ag obair go dian chun an chuid sin den bhóthar nua, idir Charraig an Phúca agus Tonn Láin a chríochnú do dháta i mí Lúnasa 2023. Is é a bheidh i gceist leis seo ná dúnadh gairid ar Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha a chuirfidh ar ár gcumas am timpeallán sealadach i gCarraig an Phúca a thógaint as. Nuair a bheidh an timpeallán seo bainte, beidh an trácht in ann taisteal ar bhóthar nua an N22 an slí ar fad ó Chúil Chomhair go Tonn Láin i mBaile Bhuirne.

- Cuirfear an chuid eile den tionscadal idir Tonn Láin agus an Ceangal-Isteach Thiar ar an Sliabh Riabhach chun cinn le:
  - Oibreacha pábhála ar ailíniú an phríomhlíne
  - Suiteáil na mbacainn imill agus bacainní airmheánacha lárnacha
  - Críochnú na mBacainní Timpeallachta
  - Oibreacha fálaithe
  - Línéail bóithre agus suiteáil studaí bóthair
  - Comharthaíocht Bhóthair

- Bunsraitheanna a thógáil don 2 phíosa "Céatadán don Ealaín" i mí Iúil, agus cuirfear na píosaí ealaíne féin in áit i mí Lúnasa.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil arís le húinéirí tí agus talún chomh maith le cónaitheoirí sa cheantar ina bhfuil na hoibreacha ar siúl, agus le lucht tiomána, as a bhfoighne agus a dtuiscint ar na hoibreacha seo.

**CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN:**

R-PHOST
INFO@N22BBM.IE

TEILEAFÓN
087 458 1555
FREAGRÓFAR LE LINN GNÁTH UAIREANTA OIFIGE, NÓ FÁG TEACHTAIREACHT

SUÍOMH
WWW.N22BBM.IE

SEOLADH
Oifigí Láithreáin N22 BBM,
Bóthar Shráid an Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 VX03